CINNEADH (CBES) 2023/1094 ÓN gCOMHAIRLE

an 5 Meitheamh 2023

lena leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 17 Márta 2014, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2014/145/CBES ([1]).

(2) Tá an tAontas fós diongbháilte agus tacaíocht á tabhairt aige do cheannasacht agus d'iomláine chríochach na hÚcráine.

(3) Sna conclúidí uaithi an 9 Feabhra 2023, d'athdhearbhaigh an Chomhairle Eorpach go gcáineann an Aontas go géar cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, ar sárú follasach é ar Chairt na Náisiún Aontaithe. D'athdhearbhaigh an Chomhairle Eorpach freisin go bhfuil an tAontas faoi réir le leanúint dá bhearta sriantacha i gcoinne na Rúise a threisiú.

(4) Tá sé measta ag an gComhairle go bhfuil caidreamh comhleasa agus comhthacaíochta ann idir Rialtas Cónaidhm na Rúise agus príomhdhaoine gnó a bhíonn ag oibriú sa Rúis. Go háirithe, cheadaigh Rialtas Cónaidhm na Rúise go córasach do phríomhdhaoine gnó Rúiseacha a saibhreas a charnadh trí shochar a bhaint as acmhainní nádúrtha agus acmhainní poiblí eile. Is é meas na Comhairle, i bhfianaise an chaidrimh idirspleáchais sin idir príomhdhaoine gnó agus Rialtas Cónaidhm na Rúise, gur cheart do phríomhdhaoine gnó a bhíonn ag oibriú in aon earnáil eacnamaíoch sa Rúis teacht faoi na critéir. Ina theannta sin, is é meas na Comhairle gur cheart leathnú a dhéanamh ar na critéir ainmniúcháin chun go bhféadfaí, de réir mar is infheidhme daoine gnó eile a liostú a bhfuil baint acu le hearnálacha eacnamaíocha lena gcuirtear foinse shuntasach ioncaim ar fáil do Rialtas Cónaidhm na Rúise chun brú a mhéadú ar Rialtas Cónaidhm na Rúise deireadh a chur leis a chogadh foghach i gcoinne na hÚcráine.

(5) Tá sé measta ag an gComhairle ina theannta sin go mbíodh cleachtas córasach ar siúl go minic ag príomhdhaoine gnó Rúiseacha inar dháil siad a gcistí agus a sócmhainní ar a ngarghaolta agus ar dhaoine eile, chun na sócmhainní sin a chur i bhfolach, chun dul timpeall ar na bearta sriantacha agus chun smacht a choinneáil ar na hacmhainní atá ar fáil dóibh. Dá bhrí sin, is é meas na Comhairle, maidir le garghaolta nó maidir le daoine nádúrtha eile a bhaineann tairbhe mar sin as príomhdhaoine gnó a bhíonn ag oibriú sa Rúis, gur chuí iad a ainmniú freisin, chun brú a mhéadú ar Rialtas Cónaidhm na Rúise deireadh a chur leis a chogadh foghach i gcoinne na hÚcráine agus chun an baol go rachfar timpeall ar na bearta sriantacha a sheachaint.

(6) Tá gá le gníomhaíocht bhreise ón Aontas chun bearta áirithe a chur chun feidhme..

(7) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh 2014/145/CBES a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES mar a leanas:

([1]) Cinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle an 17 Márta 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO L 78, 17.3.2014, lch. 16).

(1) In Airteagal 1(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (e):

'(e) príomhdhaoine gnó atá ag feidhmiú sa Rúis agus a ngarghaolta, nó daoine nádúrtha eile, a mbaineann tairbhe astu, nó daoine gnó a bhfuil baint acu le hearnálacha eacnamaíocha a sholáthraíonn foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise, rialtas atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine; nó';

(2) in Airteagal 2(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (g):

'(g) príomhdhaoine gnó atá ag feidhmiú sa Rúis agus a ngarghaolta, nó daoine nádúrtha eile, a mbaineann tairbhe astu, nó príomhdhaoine gnó, príomhdhaoine dlítheanacha, príomheintitis nó príomhchomhlachtaí atá a bhfuil baint acu le hearnálacha eacnamaíocha a sholáthraíonn foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise, rialtas atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine; nó'.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 5 Meitheamh 2023.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J. ROSWALL